

# AG ULLMHÚ DO LINBH DON NAÍONRA



Tá sé de cheart ag gach leanbh in Éirinn leas a bhaint as naíonra in aisce. An Scéim Cúraim agus Oideachais Luath-Óige (an scéim ECCE) a thugtar air sin. Tá sé ar fáil do gach leanbh sula dtosaíonn siad ag dul ar scoil. Tá an mhaoiniú mar aitheantas ar a thábhachtaí atá cúram agus oideachas luath-óige.

Tá na nithe seo a leanas mar noda cabhracha duit chun cuidiú le do leanbh an t-aistriú chuig an naíonra a dhéanamh taitneamhach.

## Foghlaim Faoin Naíonra Nua

- Má thugtar cuairt ar sheomra naíonra an linbh sula dtosaíonn an naíonra is féidir leis éascú a dhéanamh ar an iontráil isteach i dtimpeallacht nach bhfuil aithnidiúil. Tugann sé deis duit bualadh le Mhúinteoirí do linbh agus ceisteanna a chur faoi ghnáthaimh, curaclam agus gníomhaíochtaí laethúla. Deis atá anseo freisin chun plé a dhéanamh faoi leasa, roghanna agus riachtanais ar leith do linbh.
- Tóg an t-am chun an fhoirm a thabharfaidh an naíonra duit, 'Ag cur aithne ort', a líonadh amach in éineacht le do leanbh.
- Tóg roinnt grianghraf de thimpeallacht an naíonra (más féidir) chun leabhar a chur le chéile in éineacht le do leanbh ionas go mbeidh sé/sí in ann breathnú tríd i rith an tsamhraidh.

## Ag Ullmhú Do Linbh don Naíonra

- Bíodh do leanbh páirteach leat i ngníomhaíochtaí laethúla, ar nós cócaireacht, siopadóireacht agus ag obair sa ghairdín, srl.
- Tabhair deiseanna dod leanbh chun meascadh agus spraoi a dhéanamh le leanaí eile. Scileanna dúshlánacha do leanaí óga a bheith ag foghlaim faoin mbealach le cumarsáid a dhéanamh, ag oibriú ar bhonn sealaíochta agus a bheith ag comhroinnt lena chéile.
- Léigh rudaí dod leanbh. Glac ballraíocht i do leabharlann áitiúil agus cuidigh le do leanbh leabhair a roghnú a mbainfidh sibh taitneamh astu le chéile.
- Abair amhráin, inis scéalta agus imir cluichí le do leanbh.
- Aimsigh agus faigh rudaí le chéile.
- Cuir aithne ar an dá Chreat Náisiúnta a thacaíonn le soláthar curaclam agus cáilíocht luath-óige: Aistear, An Creat Náisiúnta Curaclaim agus Síolta, An Creat Náisiúnta Cáilíochta. Féach tuilleadh ag [www.aistearsiolta.ie](http://www.aistearsiolta.ie).

## Socrú Isteach

- Tá sé tábhachtach nach bhfágfar na leanaí sa naíonra gan a insint dóibh go mbeidh gach rud i gceart agus go bhfuil tú ag imeacht, ach go mbeidh tú ar ais.
- B'fhéidir go dtógfadh sé roinnt laethanta nó fiú seachtainí ar do leanbh socrú isteach, mar sin socraigh am a chaitheamh le do leanbh agus é/i ag socrú isteach.



## Folláine do Linbh

- Abair le do leanbh gur gnáthrud é a bheith sásta, uaigneach, áthasach, scanraithe, nó imníoch. Mínigh gur féidir le tús rud éigin nua a bheith scanrúil agus go n-airíonn a lán daoine an rud céanna.



## Na Nithe Is Ceart Dod Leanbh a Thabhairt ag an Naíonra



- Le cabhair ó do leanbh, ceannaigh mála droma agus bosca lóin.
- Fiafraigh don naíonra cén cineál agus méid mála atá oiriúnach.
- Bí cinnte go mbeidh do leanbh in ann an bosca lóin nó an mála a oscailt go héasca. Má thugann sé/sí deoch ar scoil, múin dó/di an bealach lena oscailt.
- Cuir isteach hata gréine, uachtar gréine, péire buataisí báistí agus athrú éadaigh más gá. Is iondúil go bhfágann siad na buataisí ina seomra.
- Cuir lipéad ar gach mír—mála droma, seaicéad, srl., le hainm do linbh i ndúch buan.

## An tAistear chuig agus ar ais ón Naíonra

- Más féidir, cothaigh an nós a bheith ag siúl chuig agus ar ais ón naíonra. Má bhíonn feighlí leanaí nó Seantuismitheoirí ag bailiú do linbh, cinntigh go gcuirtear in aithne iad d'fhoireann an naíonra.
- Labhair faoi ghnáthamh an naíonra ionas go dtuigfidh do leanbh go mbeidh sé/sí sábháilte agus go bhfaighidh sé/sí aire.

## I Rith an tSamhraidh

- I rith mhíonna an tsamhraidh, is iondúil nach dtéann leanaí a chodladh chomh luath agus a dhéanann siad de ghnáth, mar sin cuidigh le do leanbh dul i dtaithí ar ghnáthamh codlata cúpla seachtain roimh thús na scoile.
- Léigh scéalta faoin naíonra nó cuidigh le do leanbh leabhar a chur le chéile de na nithe a d'fhéadfadh tarlú ina naíonra agus cuir isteach na grianghraif a thóg tú, más ann dóibh.
- Cuidigh le do leanbh a bheith neamhspleách sa leithreas. Tá na Múinteoirí ar fáil chun tacú le do leanbh nuair a bheidh gá leo.

## An Chéad Lá

- Dúisigh go moch ionas nach mbeidh tú faoi bhrú agus ansin ní bheidh tú ag deifriú do linbh.
- Cinntigh go bhfuil do leanbh ag caitheamh éadaí agus bróga a bheidh oiriúnach do dhreapadh, damhsa, péinteáil agus súgradh faoin aer.
- Tabhair am dod leanbh chun breathnú ar a bhfuil ag tarlú sa seomra. Breathnaigh thart ar an áit súgartha, buail leis na leanaí eile agus déan súgradh le cúpla bréagán in éineacht le do leanbh.
- Tacaigh le do leanbh agus é/í ag foghlaim le bheith neamhspleách ag cur a c(h)óta agus a m(h)ála ar an gcrúca nó ar an tseif.
- Nuair a fheicfidh tú go bhfuil do leanbh compordach, tá sé in am imeacht.



Déan socrú chun am a chaitheamh le do leanbh agus é/í ag socrú isteach sa naíonra agus bain sásamh as an ócáid iontach seo le chéile. Tá sé tábhachtach go n-oibreodh teaghlaigh agus Múinteoirí i gcomhar lena chéile. Ar an gcaoi chéanna a bhfuil do leanbh ar tí a bheith mar chuid de ghrúpa nua, tá tusa freisin ar tí a bheith páirteach i bpobal nua de thuismitheoirí.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise téigh chuig: [www.earlychildhoodireland.ie](http://www.earlychildhoodireland.ie)